
<u>**Ainmnigh seomraí an tí- scríobh isteach sa bhosca**</u>




<u>**Ainmnigh an seomra:**</u>

**Tá cur síos déanta ar cheithre sheomra éagsúla anseo thíos. Léigh an cur síos. An féidir leat ainmneacha na seomraí a scríobh sna spásanna thíos?** / *Four different rooms are described below. Read the descriptions. Can you write the names of the rooms* <u>**as Gaeilge**</u> *in the spaces below?*

1. Tá bord agus cathaoireacha ann. Níl cuisneoir nó sorn ann.

   ______________________________________________

2. Tá tolg agus bord ann. Tá teilifís ann. Níl leaba ann.

   ______________________________________________

3. Tá sorn ann. Tá cuisneoir ann. Tá bord agus cathaoireacha ann.

   ______________________________________________

4. Tá leaba agus cófra ann. Níl cathaoir ann. Níl tolg ann.

   ______________________________________________

LIVEWORKSHEETS

# An Banc Teanga
# Lóistín
# An maith leo an áit?

**Léigh an dá shliocht thíos agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo** / *Read the two passages below and answer the questions that follow them.*

**a.** Dia duit! Is mise Gabriella. Is Spáinneach mé. As Roses mé ach tá mé i mo chónaí i dTrá Lí anois. Tá Trá Lí in aice le hArd Fhearta, gar don Fhianait agus cúpla míle ó Chill Airne. Táim i mo chónaí i dteach dhá stór. Tá trí sheomra codlata, cistin, seomra suí agus seomra folctha sa teach. Níl an cíos ródhaor, €450 gach mí. Tá an áit go hálainn agus glan.

| | | |
|---|---|---|
| 1. Is Meiriceánach í Gabriella. | Fíor | Bréagach |
| 2. Tá Gabriella ina cónaí in Ard Fhearta. | Fíor | Bréagach |
| 3. An bhfuil seomra leapa sa teach? | Tá | Níl |
| 4. Níl seomra suite sa teach. | Fíor | Bréagach |
| 5. An maith le Gabriella a ceantar? | Is maith | Ní maith |

6. Cén fáth? ______________________________________

**b.** Dia duit. Is mise Nóra. Is Sasanach mé, ach táim i mo chónaí i gCorcaigh anois. Tá mé i mo chónaí sa chathair in aice le Sráid Phádraig agus gar don Mheal Theas. Táim i mo chónaí in árasán beag. Tá dhá sheomra codlata, cistin, seomra folctha agus seomra suí ann. Tá an cíos €700 sa mhí! Tá a lán áiseanna sa cheantar ach tá an áit salach.

| | | |
|---|---|---|
| 1. Is Éireannach í Nóra. | Fíor | Bréagach |
| 2. Tá sí ina cónaí faoin tuath. | Fíor | Bréagach |
| 3. Tá trí sheomra leapa san árasán. | Fíor | Bréagach |
| 4. Tá an cíos an-saor. | Fíor | Bréagach |
| 5. An maith le Nóra a ceantar? | Is maith | Ní maith |

6. Cén fáth? ___________________________________

LIVEWORKSHEETS